2.0 STRAITÉIS SPÁSÚIL

2.1 CÚLRA

Réamhrá

Tá an Straitéis Spásúil do na ceantair uirbeacha agus do na ceantair tuaithe ar fud an Chontae leagtha amach sa chuid seo. Úsáideann an straitéis na forálacha atá sa Straitéis Spásúil Náisiúnta agus sna Treoirlínte do Phleanáil Réigiúnach do Réigiún na Teorann chun Straitéis Spásúil mionsonraithe a leagann amach d'fhorbairt agus athfhorasú an Chontae san am atá le theacht.

Chuige seo, tá an Chomhairle i bhfách le hoibriú ar bhunús réamhghníomhach seachas fríthghníomach, "pleanáil–monatóireacht-bainistíocht" a dhéanamh in ionad a bheith go díreach " ag réamhinse agus ag soláthar". Rud eile dhe, le linn di a bheith ag cur Straitéis Spásúil le chéile, bhí an Chomhairle aireach ar na prionsabail treoracha seo a leanas:

- Forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a bhrú chun tosaigh sa Chontae.
- Caighdeán beatha a fheabhsú do mhuintir Dhún na nGall agus do chuairteoirí chuig an Chontae.
- Timpeallacht agus oidhreacht shuntasach d'ardcháilíocht a chosaint agus a chur chun cinn.
- Na láidreachtaí éagsúla atá ag páirteanna difriúla den Chontae a bhrú chun tosaigh agus dul i ngleic lena gcuid laigeachtaí trí thionscnaimh éagsúla, polasaithe oiriúnacha, infheistíocht infreastruchtúir agus bearta fioscacha.
- Straitéis fhoriomlán fá choinne pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe a leagan amach don cheantar.
- Freagairt go dearfa do pholasaithe náisiúnta agus réigiúnacha, ar a n-áirítear an Straitéis Spásúil Náisiúnta, an Straitéis Réigiúnach agus na Treoirlínte do Phleanáil Réigiúnach i Réigiún na Teorann chomh maith leis an Straitéis d'Fhorbairt Réigiúnach do Thuaisceart Éireann.

Treochtaí Spásúla

Bhí sé réamh-mheasta sa Phlean Forbartha Contae, 2000, go mbeadh fás measartha ar an daonra, idir 130,000 agus 135,000, faoin bhliain 2006. Tá na réamh-mheastacháin sin sáraithe cheana féin mar léiríonn Daonáireamh na bliana 2002 go raibh daonra de 137,575 sa Chontae. Ach níl an fás seo sa daonra spréite thart go cothrom.

Is sna ceantair mhóra uirbeacha, Doire agus Leitir Ceanainn, nó in aice leo, a tharla formhór an fháis seo. Is é Leitir Ceanainn anois an príomhionad miondíola, tráchtála agus gníomhaíochtaí seirbhíse sa Chontae agus dá thairbhe sin, tá fás mór tagtha ar dhaonra an bhaile.

Ach taobh amuigh de na hionaid sin, tá an struchtúr uirbeach ag fanacht measartha lag, mar a léiríonn Bun Cranncha (an t-aon bhaile, diomaite de Leitir Ceanainn, ina bhfuil daonra níos mó ná 5,000 duine), atá suite cóngarach go maith do Leitir Ceanainn agus Doire araon. Ag an am chéanna, níl ach daonra idir 2,000 agus 3,600 duine ar an mheán i mBun Dobhráin, Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall agus Bealach Féich-Srath an Urláir, bailte atá ar chois bhóthar iompair an N15.

Bíonn daonra i bhfad níos lú sna ceantair uirbeacha in iarthar an Chontae, siocair iad a bheith imeallach agus níos faide ar shiúl ó na ceantair mhóra uirbeacha. De ghnáth, ní

bhíonn iontu ach thart fá 1000 duine. Leoga, bhí meath leanúnach ar an daonra sna ceantair tuaithe is imeallaí sa tréimhse 1996-2002.

Frámaíocht do Phleanáil Straitéiseach

Ó foilsíodh an Plean Forbartha Contae atá in úsáid faoi láthair, eisíodh dornán doiciméad tábhachtach atá ina gcuidiú do chruthú frámaíocht i gcóir Forbairt Spásúil Chontae Dhún na nGall.

Sa Straitéis Spásúil Náisiúnta (SSN/NSS), leagtar síos, ar bhonn leathan náisiúnta, struchtúr spásúil trínar féidir forbairt réigiúnach níos cothroime a chur i gcrích. I ndáil le Dún na nGall, cuireann an SSN béim orthu seo a leanas:

- Aithnítear Dún na nGall mar fo-réigiún ar leith i Réigiún na Teorann.
- Aithnítear Leitir Ceanainn/Doire mar 'Geatabhealach' ceangail, lárionad uirbeach láidrithe, a bheadh in inmhe forbairt an réigiúin a bhrú chun tosaigh trí dhlús critiúil feabhsaithe, rochtain agus cumas chun forbairt a dhéanamh.
- Cuirtear béim ar thábhacht na lonnaíochtaí eile ó thaobh a ról comhlántach don Gheatabhealach chun go bhfaighidh an ceantar níos leitheadaí sochar as dlús criticiúil an réigiúin a bhuíochas don Gheatabhealach.
- Cuirtear frámaíocht ar fáil trínar féidir pleanáil spásúil do bhailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe a chur i gcrích. Maíonn an SSN go háirithe go mbeidh ról tábhachtach ag bailte beaga agus ag sráidbhailte i gcur ar fáil seirbhísí áitiúla /tacaíocht fostaíochta ach ag an am chéanna go gcaithfear tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt d'ardcháilíocht agus do chosaint tírdhreacha i gcásanna dá leithéid.
- Cuirtear chun cinn coincheap de Bhealach Iompair Straitéiseach a nascann Leitir Ceanainn le Doire trasna na Teorann agus le Sligeach sa taobh ó dheas. Fosta, tá sé beartaithe go mbeadh a mhacasamhail de bhealach iompair ag nascadh leis An Ómaigh, Muineachán agus le lárionaid uirbeacha móra ar chósta an oirthir, siad sin Dún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Cliath.

Tógann na Treoirlínte do Phleanáil Réigiúnach ar fhorálacha an SSN atá luaite thuas. Tá sé tábhachtach go bhfuil cur síos mion déanta ar straitéis lonnaíochta fo-réigiúnach il-leibhéil, ar a n-áirítear:

- Forbairt ar Gheatabhealach Ceangail Leitir Ceanainn- Doire.
- Láidriú uirbeach ar bhailte meánmhéide agus ar bhailte beaga faoi leith.
- Tacaíocht uirbeach do bhailte agus sráidbhailte cóngarach do Gheatabhealaí.
- Tacaíocht do bhailte níos lú agus do shráidbhailte.
- Tacaíocht uirbeach do bhailte agus sraidbhailte laistigh den Ghaeltacht.
- Aitheantas a thabhairt do bhailte le feidhmeanna speisialta, m.sh. Leifear.

Lena chois sin, cuireann an Straitéis Mhiondíola do Chontae Dhún na nGall, 2006-2012, **(Féach Aguisín D)** straitéis shoiléir ar fáil i gcóir forbairt a dhéanamh ar an fheidhm mhiondíola ar fud an chliarlathais uirbí/tuaithe go léir. Go háirithe, leagann sé síos polasaí an Chomhairle i ndáil leo seo a leanas:

- An cliarlathas miondíola do Chontae Dhún na nGall.
- Cur chuige comhleanúnach i dtaca le lonnú forbairtí úra miondíola.
- An dáileadh spásúil d'fhorbairtí úra miondíola .
- Comhdhlúthú agus feabhsú na lárionad úr.

Ní amháin go n-aithníonn an Straitéis Forbartha Réigiúnach do Thuaisceart Éireann cathair Dhoire mar Mór-Chathair Réigiúnach don Iarthuaisceart ach aithníonn sí fosta an tábhacht agus an acmhainneacht atá le nascanna trasteorann i dtaca le fás na cathrach agus an réigiún ina iomláine.

Treochtaí agus Anailís na Todhchaí

Meastar go mbeidh sciar Dhún na nGall den fhás daonra atá tuartha do Réigiún na Teorann sna blianta amach romhainn, mar a bheidh sé léirithe i bhFo-Réigiún 1, meastar go mbeidh sé ionann le 27%, nó thart fá 145,000 duine faoin bhliain 2020. Mar sin féin, nuair a chuimhnítear ar an líon daonra de thart fá 137,575 (2002) atá i gContae Dhún na nGall i láthair na huaire agus fás idir-daonáirimh an Chontae idir 1996 agus 2002, d'fhéadfaí an figiúr seo a bhaint amach i dtrátha na bliana 2008, má leanann na treochtaí reatha ar aghaidh. Leoga, léiríonn figiúirí ar na mallaibh (féach Caibidil 1.9) ón Phríomhooifig Staidrimh, go bhfuil an fás ag 14,956 os cionn na sprice sin.

Nuair a bhreathnaítear níos géire ar dhaonra an Gheatabhealaigh, bheifí ag súil go mbeadh Leitir Ceanainn in inmhe a dhaonra a mhéadú ó thart fá 15,000 go 35,000 duine faoi spriocdáta an SSN don bhliain 2020+. De réir gach dealraimh, agus nuair a chuimhnítear ar ráta fáis a dhaonra ó na 1950idí ar aghaidh, tarlóidh a leithéid de mhéadú. D'fhéadfadh sé tarlú fosta, go mbeadh a ráta fáis chun tosaigh ar Shligeach, an Geatabhealach eile is deise dó agus iomaitheoir i gcóir infheistíocht isteach sna sé contae is fiche, de bhrí go raibh ráta fáis Leitir Ceanainn chun tosaigh ar Sligeach le scór bliain nó níos mó.

I dtéarmaí straitéiseacha, cuireann an taobh ó thuaidh den Dorchla Atlantach (N15/ N13), a cheanglaíonn na bailte Contae is mó a bhfuil daonra iontu, ionann le bealach iompair straitéiseach, a bhfuil ar a chumas nascanna tábhachtacha iompair a chur ar fáil, forbairt a thabhairt isteach sa Chontae agus fás a dhreasú ar fud a aise. Mar an gcéanna, beidh ról maighdeoige ag an N56, an 'Stua Atlantach', atá ina bhealach iompair straitéiseach agus a cheanglaíonn na ceantair is imeallaí den Chontae, in athfhorasú eacnamaíoch mórán ceantar cósta agus ceantar Gaeltachta sa Chontae.

Cuireann na dálaí polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha atá ag tarlú i dTuaisceart Éireann, i dteannta leis an bhfrámaíocht atá aitheanta do phleanáil straitéiseach, mórán deiseanna agus dúshlán ar fáil do réigiún an Iarthuaiscirt go léir. Ar an tséala sin, beidh ról thar a bheith tábhachtach do chur chun cinn Dhún na nGall, agus an réigiún, ag na nascanna feabhsaithe trasteorann ó thaobh seirbhísi iompair, oideachas, sláinte, pleanáil agus forbairt gheilleagraí, bainistíocht dramhaíola, turasóireachta, &rl. Chuige seo, beidh géarghá le comhoibriú go dlúth le gníomhaireachtaí macasamhail Seirbhís Phleanála Thuaisceart Éireann, Comhairle Chathair Dhoire, Comhairle Dúiche an tSratha Báin, Comhairle Dúiche Fhear Manach, ICBAN (Gréasán Lár-réigiún na Teorann Éireannaigh), NWRCBG (Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt), agus Roinn Timpeallachta Thuaisceart Éireann.

Bunaithe ar na treochtaí spásúla, an fhrámaíocht do phleanáil straitéiseach agus treochtaí agus anailís na todhchaí, cuireadh an Straitéis Spásúil seo a leanas le chéile don Chontae.

CUSPÓIR

Is é an cuspóir foriomlán atá leis an Straitéis Spásúil ná Contae rathúil a chruthú ina mbeidh caighdeán na beatha feabhsaithe tríd an fócas agus an tacaíocht atá riachtanach a chur ar fáil ar mhaithe le struchtúir láidre uirbeacha agus ceantair tuaithe inbhuanaithe a chruthú.

SPRIOCANNA

1. **Geatabhealach bríomhar feidhmiúil a nascann Leitir Ceanainn agus Doire** a chruthú ionas go mbeidh sé mar phríomhionstraim d'fhorbairt an réigiúin.
2. Bearta do láidriú uirbeach a chur i bhfeidhm ar mhaithe le **struchtúr láidir uirbeach ag an leibhéal fo-gheatabhealach** a chruthú, rud a dhéanfadh comhdhlúthú ar fhorbairt an gheatabhealaigh, chomh maith le déanamh cinnte go mbeadh buntáistí an pholasaí straitéiseach spréite go cothrom ar fud an Chontae.
3. Bearta tacaíochta uirbeacha a úsáid chun **bainistíocht a dhéanamh ar fhás** in aice láimhe leis an geatabhealach ceangail.
4. **Ceantair bhríomhara tuaithe** a chruthú, mar is iadsan na príomhchinnire i dtaca le hathruithe sa gheilleagar tuaithe, trí thacaíocht a chur ar fáil do shráidbhailte agus do phobail tuaithe.
5. **Caomhnú agus feabhsú** a dhéanamh ar acmhainn chultúrtha agus teanga **na Gaeltachta** trí phróiseas do láidriú uirbeach, tacaíocht uirbeach agus tacaíocht tuaithe.
6. **Ról na lárionad le feidhmeachas speisialta a chosaint**: macasamhail Leifear, Bun an Phobail, An Caisleán Nua, Ailt an Chorrain, Ros Neamhlach, Na Dúnaibh, Ráth Maoláin, Gaoth Dobhair, Gleann Cholm Cille, agus Gort an Choirce.

Cur i bhFeidhm na Straitéise Spásúla



2.2 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

2.3 CUR CHUN CINN GEATABHEALACH NASCTHA LEITIR CEANAINN-DOIRE

Measann an Chomhairle go gcuireann Geatabhealach Leitir Ceanainn-Doire deis ar fáil le hinfheistíocht a mhealladh isteach sa cheantar agus buntaistí a sholáthar don Chontae uilig. Spreagfaidh Geatabhealach ceangail, atá bríomhar feidhmiúil, brú forbartha ar fud an Chontae ó tharla go mbeidh seachthairbhí agus buntáistí ag teacht uaidh agus á seoladh síos tríd an chliarlathas Uirbeach-Tuaithe agus go mbeidh tionchar dearfa acu ar gach uile cheantar. Ón athfhorasú eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha seo, maraon leis an infheistíocht riachtanach a bheas caite ar infreastruchtúr, iompar agus an earnáil phoiblí, beidh i bhfad níos mó rathúnais agus caighdeán beatha níos fearr ar fud fad an Chontae. Ó thaobh pleanála de, ciallóidh bunú coimpléasc uirbeach lena leithéid de dhlús criticiúil, go gcuirfear iad seo leanas ar fáil:

- Lárionad a bheas i ndán iomaíocht a dhéanamh ar leibhéal réigiúnach.
- Fócas fá choinne infheistíocht agus fostaíocht sa Chontae.
- Córas iompar poiblí éifeachtach.
- Seirbhísí oideachais, sláinte agus sóisialta a bhfuil tábhacht réigiúnach leo agus atá inmharthana.
- Timpeallacht mhiondíola foirfe.
- Teascóg chultúrtha agus shiamsaíochta breá beoga le tábhacht réigiúnach.
- Nascanna straitéiseacha le Tuaisceart Éireann.

Caithfidh an Geatabhealach íomhá mheallacach a chruthú dó féin i dtaca le 'caighdeán beatha', áiseanna áitiúla, caighdeán agus íomhá na timpeallachta. Beidh géarghá le bainistiú a dhéanamh ar fhás, go speisialta spréadh uirbeach, sa dóigh go mbeidh rath fadtéarmach air. Tabharfaidh forbairtí atá deartha go holc agus suite go holc ar shiúl óna íomhá agus ó cháilíocht na timpeallachta. Ar an tséala sin, chun forbairt rathúil a dhéanamh ar Leitir Ceanainn agus an baile stádas Geatabhealaigh a bhaint amach, beidh feabhsúcháin i ndearadh uirbeach agus caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh thar a bheith tábhachtach, chomh maith le struchtúr éifeachtach i gcóir úsáid talún, le criosú oiriúnach agus dóthain soláthair infreastruchtúir. Ar deireadh, caithfidh an ceantar a bheith tarraingteach do infheistíocht isteach ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus do fhostaithe agus a dteaghlaigh san am atá le theacht.

Cuireann an smaoineamh do Gheatabhealach nasctha in iúl ceangail thábhachtacha straitéiseacha idir Leitir Ceanainn agus Doire. Ní mór do na nascanna sin a bheith fisiceach (i.e., iompar agus teileachumarsáid) agus fíorúil, i.e., trí chaidreamh gnó, imeachtaí cultúrtha, tionscnaimh trasteorann agus comhfheachtais bolscaireachta agus margaíochta.

<u>Cuir i nGníomh</u>
Is féidir an straitéis thuasluaite a chur i ngníomh a bhuí do na bearta seo a leanas:

- Fás a bhainistiú agus a chur chun cinn i ngeatabhealach Leitir Ceanainn-Doire de réir na straitéise atá sonraithe sa Phlean seo.
- Nascanna iompar poiblí idir-Gheatabhealach agus idir-Chontae a fheabhsú, **(Féach Caibidil 3, Iompar agus Cumarsáid).**
- Nascanna iompair ar leith (bóithre, aer, iarnróid &rl.) a fheabhsú:
  - go dtí an Geatabhealach ó Bhéal Feirste, Baile Átha Cliath agus Sligeach;
  - idir Leitir Ceanainn agus Doire;
  - idir an Geatabhealach agus an chuid eile den Chontae.

- Comhoibriú dlúth le gach uile eagras ábhartha rialtais agus eagrais neamhrialtais chun infheistíocht a mhealladh isteach.
- Oibriú i gcomhar le fostruchtúir an Bhoird Forbartha Contae chun cuidiú le cur i ngníomh na moltaí atá in *An Straitéis*, Plean Straitéise an Bhoird Forbartha Contaethe don tréimhse 2002-2012, ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch, shósialta agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn.
- Margaíocht a dhéanamh ar Leitir Ceanainn – Doire mar áit chónaithe, oibre, cuartaíochta, agus gnó.
- Tacaíocht leanúnach macasamhail traenáil, cabhair airgeadais agus soláthar d'aonaid gnó ar chostas íseal a chur ar fáil do ghnónna nua atá á mbunú, **(Féach Caibidil 4, Straitéisí do Chruthú Fostaíochta agus Forbairt Fiontar)**.
- Cumas nuálaíoch gnó a fhorbairt trí inniúlacht na n-institiúidí oideachais a fheabhsú, oiliúint a chur in oiriúint do riachtanais ghnó, agus comhoibriú trasteorann ó thaobh soláthar oideachais a bhisiú.
- Caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh ar chois an gheatabhealaigh ceangail a fheabhsú.
- Infreastruchtúr a uasghrádú (Séarachas, Soláthar Uisce, Leathanbhanda, Gréasán Bóithre &rl) go dtí'n caighdeán atá riachtanach le tuilleadh forbairt a dhéanamh.
- Ról Leitir Ceanainn mar lárionad do sheirbhísí poiblí a fheabhsú.
- Úsáid a bhaint as polasaithe pleanála straitéiseacha i leith úsáid talún le cinntiú go bhfuil tithíochta ar phraghas réasúnta ar fáil chomh maith le soláthar de thitíochta shóisialta agus inacmhainne.
- Áiseanna cultúrtha agus caitheamh aimsire an Gheatabhealaigh a fheabhsú.
- Rochtain trasreorann ar sheirbhísí sláinte a dhéanamh níos fearr.
- Fás na gcúlchríoch díreach in aice leis an Gheatabhealach a bhainistiú de réir:
  - na straitéise do bhainistíocht fáis/tacaíocht uirbeach do bhailte agus sráidbhailte atá in aice láimhe leis an Gheatabhealach ceangail.
  - na straitéise forbartha a ullmhaíodh do gheatabhealach Leitir Ceanainn – Doire (ar a n-áirítear comhoibriú rannpháirteach le Seirbhísí Pleanála Thuaisceart Éireann agus Comhairle Chathair Dhoire ar mhaithe le frámaíocht shoiléir do phleanáil trasteorann a fhorbairt).
- Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a dhéanamh níos mó, **(Féach Caibidil 4, Straitéisí do Chruthú Fostaíochta agus Forbairt Fiontar)**.
- Forbairt chomhordaithe ar leathnú lár an bhaile i Leitir Ceanainn.

2.4 LÁIDRIÚ UIRBEACH AR AN STRUCHTÚR UIRBEACH AG AN LEIBHÉAL FO-GHEATABHEALACH

Tá géarghá le struchtúr láidir uirbeach ag an leibhéal fo-Gheatabhealach, ní amháin le comhdhlúthú a dhéanamh ar Gheatabhealach Leitir Ceanainn - Doire ach fosta le déanamh cinnte go bhfuil gréasán ar fáil trína dtig buntáistí an Gheatabhealaigh a dháileadh go gach cearn den Chontae.

Ar an tséala sin, tá láidriú a leithéid de struchtúr uirbeach ina ghné an-riachtanach den Straitéis Spásúil don Chontae agus baineann na feidhmeanna tábhachtacha seo a leanas leis:

- **Forbairt a thiomaint chun tosaigh** ar fud achar spásúil gharthimpeallachta na gceantar uirbeach ar leith laistigh den struchtúr.
- Feidhmeanna tábhachtacha **miondíola, tráchtála agus seirbhíse** poiblí a chur ar fáil ag an leibhéal fo-Gheatabhealach.

- Cuidiú le cur chun cinn, inbhuaine agus éagsúlú an **gheilleagair tuaithe.**
- **Struchtúr láidir uirbeach** a fhorbairt ag an leibhéal fo-Gheatabhealach chun chomhlánú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar Gheatabhealach ceangail Leitir Ceanainn.
- Cuidiú le cur i ngníomh **Straitéis Mhiondíola Chontae Dhún na nGall 2006-2012 (Féach Aguisín D)**.

Bunaithe ar anailís ar an Straitéis Spásúil Náisiúnta, ar na Treoirlínte do Phleanáil Réigiúnach agus ar mhéid, feidhmeanna, scála agus suíomh na mbailte éagsúla ar fud an Chontae, aithníodh na lárionaid seo a leanas a bheadh ábalta struchtúr láidir uirbeach a chur ar fáil ag an leibhéal fo-Gheatabhealach.

(Liostáilte de réir aibítre)

- An Baile Nua
- An Clochán Liath/An Bun Beag/Doirí Beaga (Lárionad Nasctha)
- An Fál Carrach
- Ard an Rátha
- Baile Dhún na nGall
- Baile na nGallóglach
- Bealach Féich-Srath an Urláir
- Béal Átha Seanaidh
- Bun Crannacha
- Bun Dobhráin
- Carn Domhnach
- Ceann an Droichid
- Caisleán an Finne
- Cill Mhic Réanaín
- Conmhaigh
- Na Gleanntaí
- Na Cealla Beaga
- Ráth Mealtain
- Ráth Bhoth

Cur i nGníomh

Is féidir an straitéis thuasluaite a chur i ngníomh a bhuí do na bearta seo a leanas:

- Caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh a fheabhsú agus ceantair i léig a athfhorasú, **(Féach Caibidil 8, An tOidhreacht Nádúrtha agus Tógtha)**, trí shásanna mar a leanas:
  - An clár d'athnuachan bailte agus sráidbhailte.
  - Córas dearfa de dhreasachtaí fioscacha chun foirgnimh a bhfuil drochbhail orthu a athfhorbairt.
  - Sealbhú a fháil ar mhaoin i ndrochbhail áit ar bith a d'fhéadfaí í a úsáid fá choinne suíomh líontach do thithíocht i mbailte agus i sráidbhailte.
- Iompar poiblí agus nascanna bóthar a fheabhsú idir na lárionaid uirbeacha aitheanta, **(Féach Caibidil 3, Iompar agus Cumarsáid)**.
- Cabhrú le agus cur chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaíocht mhiondíola sa Chontae de réir na n-aidhmeanna, na frámaíochta straitéisí agus na bpolasaithe atá leagtha amach i Straitéis Mhiondíola Chontae Dhún na nGall 2006-2012. **(Féach Aguisín D)**.
- Oibriú i gcomhar le fostruchtúir an Bhoird Forbartha Contae chun cuidiú le cur i ngníomh na moltaí atá in *An Straitéis*, Plean Straitéise an Bhoird

Forbartha Contae don tréimhse 2002-2012, ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn.
    - Aimsiú agus forbairt a dhéanamh ar Lárionaid Sainspéise thábhachtacha sna bailte atá ainmnithe, de réir pholasaí EED3 **(Féach Caibidil 4,, Straitéisí do Chruthú Fostaíochta agus Forbairt Fiontar)**.
    - An tseirbhís pobail a chuirtear ar fáil cheana féin sna bailte sin a fheabhsú agus clár dílárnaithe an Chomhairle a chur i gcrích chun soláthar d'Ionad Seirbhíse Pobail, ag feidhmiú mar 'ionad ilfhreastail', a sholáthar i mBealach Féich/Srath an Urláir.
    - Forbairt a dhéanamh ar an Táirge Turasóireachta atá a ofráil ag na lárionaid sin, mar pháirt thábhachtach dá bhforbairt eacnamaíoch, **(Féach Caibidil 9, Turasóireacht).**
    - Forbairt ar na hacmhainní cultúrtha agus caitheamh aimsire atá ar fáil sna bailte sin.
- Infreastruchtúr a uasghrádú (Séarachas, Soláthar Uisce, Leathanbhanda, Gréasán Bóithre &rl) chun fás na mbailte na lárionad sin a éascú.
- Ullmhúchán a dhéanamh ar Phleananna Ceantair Áitiúla agus Criosanna Forbartha Straitéiseacha &rl. a úsáid chun forbairt a threorú i modh inbhuanaithe, go háirithe trí mhúnlaí uirbeacha níos dlúithe a fhorbhairt chun go mbeidh ar a gcumas réimse seirbhísí a chothú a bhuíochas dóibh seo a leanas:
    - Pleanáil fhaichilleach ar úsáid talún.
    - Forbairt sa todhchaí a dhíriú ar láithreáin líontacha, láithreáin a bhfuil drochbhail orthu, láithreáin thréigthe agus cúltailte.
    - Criosanna Glasa agus Criosanna Mhaolánacha a chur i bhfeidhm.
    - Forbairt ribíneach a shrianú.
    - An polasaí do thithe tuaithe a chur i bhfeidhm.

2.5 TACAÍOCHT UIRBEACH DO BHAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE IN AICE LÁIMHE LEIS AN GHEATABHEALACH

I ngarthimpeallacht an Gheatabhealaigh, tá deis ar fáil le cur le dlús criticiúil an Gheatabhealaigh ach ag an am chéanna tá gá le bainistiú a dhéanamh ar a leithéid d'fhás ar mhodh a bheas inbhuanaithe.

Le blianta beaga anuas, tá brú mór do thithíocht tagtha ar chrios na gcomaitéirí idir Leitir Ceanainn agus Doire, go háirithe do thithe tuaithe singilte. Má fhágtar an patrún forbartha seo gan bainistiú, ní amháin go millfidh sé caighdeán agus carachtar na gceantar tuaithe ach cuirfidh sé bac le cruthú dlús criticiúil agus dá bhrí sin, bac le soláthar seirbhísí.

Dá bhrí sin, ta gá le forbairt a threorú i dtreo roinnt ionad uirbeach réamhsannta. Mar thoradh ar a leithéid de pholasaí, chuirfí le dlús criticiúil Leitir Ceanainn agus Doire araon agus ag an am chéanna laghdódh sé an gá le forbairtí tuaithe scoite.

Ar an tséala sin, tá sé mar pholasaí ag an Chomhairle tacaíocht uirbeach a chur ar fáil do na ceantair uirbeacha seo a leanas atá cóngarach don Gheatabhealach ceangail idir Leitir Ceanainn agus Doire:

- Bun na hAbhann.
- Fathain.
- Cill Fhéich.
- Mainéar Uí Chuinneagáin.

- Magh.
- An Carraigín
- Baile Suingean

Cur i nGníomh
Is féidir an straitéis thuasluaite a chur i ngníomh a bhuí do na bearta seo a leanas:

- Caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh a fheabhsú agus ceantair i léig a athfhorasú, **(Féach Caibidil 8, An tOidhreacht Nádúrtha agus Tógtha)** trí shásanna mar a leanas:
  - An clár d'athnuachan bailte agus sráidbhailte.
  - Córas dearfa de dhreasachtaí fioscacha do fhoirgnimh a bhfuil drochbhail orthu a athfhorbairt.
  - Sealbhú a fháil ar mhaoin ar a bhfuil ndrochbhail áit ar bith a bh'féadfaí í a úsáid fá choinne suíomh líontach do thithíocht i mbailte agus i sráidbhailte.
- Ullmhúchán a dhéanamh ar Phleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla agus Criosanna Forbartha Straitéiseacha &rl. a úsáid chun forbairt a threorú i modh inbhuanaithe, go háirithe, múnlaí uirbeacha níos dlúithe a fhorbhairt chun go mbeidh ar a gcumas réimse seirbhísí a chothú a bhuíochas dóibh seo a leanas:
  - Pleanáil fhaichilleach ar úsáid talún.
  - Forbairt sa todhchaí a dhíriú ar láithreáin líontacha, láithreáin a bhfuil drochbhail orthu, láithreáin thréigthe agus cúltailte.
  - Criosanna Glasa agus Criosanna Mhaolánacha a chur i bhfeidhm.
  - Forbairt ribíneach a shrianú.
  - An polasaí do thithe tuaithe a chur i bhfeidhm.
  - An Straitéis Forbatha do gheatabhealach Leitir Ceanainn-Doire a chur i bhfeidhm.
- Feabhsú a dhéanamh ar na háiseanna atá ar fáil sna ceantair sin i dtaca le hoideachas, teileachumarsáid, teicneolaíocht faisnéise, iompar poiblí, agus feidhmeanna sóisialta/caitheamh aimsire agus miondíola.
- Infreastruchtúr a uasghrádú (Séarachas, Soláthar Uisce, Leathanbhanda, Gréasán Bóithre &rl) go dtí'n caighdeán atá riachtanach le tuilleadh forbairt a dhéanamh agus nascanna idir na bailte thuasluaite agus Geatabhealach Leitir-Ceanainn Doire a fheabhsú .
- Oibriú i gcomhar le fostruchtúir an Bhoird Forbartha Contae chun cuidiú le cur i ngníomh na moltaí atá in *An Straitéis*, Plean Straitéise an Bhoird Forbartha Contae don tréimhse 2002-2012, ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch, shósialta agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn.

2.6 TACAÍOCHT TUAITHE DO SHRÁIDBHAILTE TUAITHE AGUS DO CHOTHÚ POBAIL TUAITHE

Tá an polasaí seo dírithe ar fheabhsú sráidbhailte tuaithe agus tacú leis na pobail tuaithe máguaird.

Tá an Chomhairle den bharúil gurb iad sráidbhailte tuaithe an croílár do phobail tuaithe inbhuanaithe. Is ionann na sráidbhailte seo agus eochairnóid do sholáthar seirbhísí áitiúla, macasamhail oideachas, seirbhísí miondíola, sláinte, cumarsáid agus taisteal tuaithe do na pobail a mhaireann faoin tuath. Má dhírítear fás tithíochta in aice láimhe

leis na sráidbhailte seo, cuideoidh sé seo leis an leibhéal seirbhíse atá ar fáil iontu a choinneáil suas.

Ach brathann sráidbhailte láidre tuaithe ar phobail bhríomhara tuaithe. Mar sin de, chun rath a bheith ar aon pholasaí tuaithe, caithfear na pobail tuaithe a threisiú agus a chur chun cinn. Tharla go leor athruithe struchtúracha sna ceantair tuaithe ar na blianta deireanacha agus dá bharr sin, tá mórán dúshlán os a gcoinne chomh maith le deiseanna. Go fóill, tá meath ag teacht ar phobail tuaithe i gceantair áirithe ach i gceantair eile, tá méadú mór tagtha ar an daonra. De bharr athruithe feirmeoireachta, tá gá le héagsúla i bhfiontair úrnua talmhaíochta. Lena chois sin, tá easpa chórais iompair, teileachumarsáide agus infreastruchtúir eile ag cur isteach ar na pobail tuaithe seo.

Dá bhrí sin, tá an Chomhairle den tuairim go bhfuil géarghá leis na bearta tacaíochta seo a leanas a chur ar fáil chun inbhuanú a dhéanamh ar shráidbhailte agus ar cheantair tuaithe.

Cur i nGníomh
Is féidir an straitéis thuasluaite a chur i ngníomh a bhuí do na bearta seo a leanas:

- Freastal ar éileamh do thithe tuaithe tríd an Polasaí do Thithe Tuaithe, mar atá sonraithe sa Phlean seo, a chur i bhfeidhm, **(Féach Caibidil 5, Tithíocht)**.
- Caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh a fheabhsú agus ceantair i léig a athfhorasú, **(Féach Caibidil 8, An tOidhreacht Nádúrtha agus Tógtha)**, trí shásanna mar a leanas:
  - An clár d'athnuachan bailte agus sráidbhailte.
  - Córas dearfa de dhreasachtaí fioscacha chun foirgnimh a bhfuil drochbhail orthu a athchóiriú.
  - Sealbhú a fháil ar mhaoin i ndrochbhail áit ar bith a d'fhéadfaí a úsáid fá choinne suíomh líontach do thithíocht i mbailte agus i sráidbhailte.
  - Déanamh ar shiúl le láithreáin/foirgnimh a bhfuil droch bhail orthu agus atá in aice le bealaí áilne agus bealaí turasóireachta i gceantar tuaithe.
- Clár athinmheacháin a chur i bhfeidhm i gceantair tuaithe agus i gceantair atá sannta mar Limistéir Conláiste Ardcéimhe (EHSA), áit a ndearnadh cuid mhór damáiste radhairc agus éiceolaíoch mar thoradh ar ghníomhaíocht daonna.
- Forbairt a threorú ar mhodh níos inbhuanaithe. Go háirithe, múnlaí uirbeacha níos dlúithe a fhorbhairt chun go mbeidh ar a gcumas réimse seirbhísí a chothú a bhuíochas dóibh seo a leanas:
  - Pleanáil fhaichilleach a dhéanamh ar úsáid talún.
  - Forbairt sa todhchaí a dhíriú ar láithreáin líontacha, láithreáin a bhfuil drochbhail orthu, láithreáin thréigthe agus cúltailte.
  - Forbairt ribíneach a shrianú.
  - An polasaí do thithe tuaithe a chur i bhfeidhm.
- Na seirbhísí atá ar fáil do phobail tuaithe a fheabhsú go háirithe ó thaobh oideachais, cumarsáid, teicneolaíocht faisnéise, taisteal tuaithe agus seirbhísí miondíola.
- Éagsúlú tuaithe a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar fhoinsí úra ioncaim agus fiontar do cheantair tuaithe trí éagsúlú talmhaíochta agus sásanna tacaíochta do ghnónna úrnua.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail áitiúla agus grúpaí forbartha ar mhaithe le pobail tuaithe inbhuanaithe a fhorbairt agus chun tógáil ar na hacmhainní suntasacaha agus na láidreachtaí dúchasacha atá ag ceantair ar leith.

- Oibriú i gcomhar le fostruchtúir an Bhoird Forbartha Contae chun cuidiú le cur i ngníomh na moltaí atá in *An Straitéis*, Plean Straitéise an Bhoird Forbartha Contae don tréimhse 2002-2012, ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch, shósialta agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn.

2.7 TACAÍOCHT DO CHEANTAIR GHAELTACHTA

Trí aitheantas a thabhairt d'acmhainn shuntasach chultúrtha agus teanga na gceantar Gaeltachta, glacann An Chomhairle leis go bhfuil gá le polasaithe pleanála ar leith d'úsáid talún ar mhaithe le láidriú agus cosaint a dhéanamh ar an acmhainn sin.

Maraon leis na ceantair nach bhfuil sa Ghaeltacht, beidh bearta de dhíth do na ceantair Ghaeltachta a bheas ábalta struchtúir láidre uirbeacha agus ceantair tuaithe atá fuinniúil buanseasmhach a chruthú. Cinnteoidh brí agus éifeacht na gceantar sin go dtiocfaidh rath agus bláth ar an Teanga agus ar an Chultúr ar gach uile leibhéal den Ghrádlathas Uirbeach-Tuaithe.

Chomh maith leis sin, beidh bearta speisialta riachtanach don Ghaeltacht ní amháin chun níos mó cosaint a chur ar fáil do ghnéithe teanga agus cultúrtha na Gaeltachta ach fosta chun iad a chur chun tosaigh go gníomhach.

I measc na mbeart ar leith a bheas ag teastáil sna ceantair Ghaeltachta lena chinntiú go n-éireoidh leis an pholasaí seo, áirítear iad seo leanas:

Cur i nGníomh
Is féidir an straitéis thuasluaite a chur i ngníomh a bhuí do na bearta seo a leanas:

- Infreastruchtúr a uasghrádú (Séarachas, Soláthar Uisce, Leathanbhanda, Gréasán Bóithre, Leictreachas &rl), go dtí an caighdeán atá riachtanach do fhás leanúnach an gheilleagair agus ar an dóigh sin na ceantair Ghaeltachta a láidriú.
- Dlúth chomhoibriú leis na heagrais rialtais ábhartha go léir agus leis na heagraíochtaí neamhrialtais ar mhaithe le hinfheistíocht a mhealladh isteach.
- Soláthar d'infreastruchtúr sóisialta agus cultúrtha macasamhail: Áiseanna Scíthe, Ionaid Ealaíon &rl, **(Féach Caibidil 10, An Ghaeltacht, Cultúr, Spórt agus Caitheamh Aimsire)**.
- An Ghaeilge agus an Cultúr a chur chun cinn go gníomhach a bhuíochas de na polasaithe atá leagtha amach sa Phlean seo a chur i ngníomh agus trí chomhoibriú dlúth le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha, **(Féach Caibidil 10, An Ghaeltacht, Cultúr, Spórt agus Caitheamh Aimsire)**.
- Caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh a fheabhsú agus ceantair i léig a athfhorasú, trí shásanna mar a leanas:
  - An clár d'athnuachan bailte agus sráidbhailte.
  - Córas dearfa de dhreasachtaí fioscacha chun foirgnimh a bhfuil drochbhail orthu a athchóiriú.
  - Sealbhú a fháil ar mhaoin atá ligthe i ndrochbhail áit ar bith a d'fhéadfaí í a úsáid fá choinne suíomh líontach do thithíocht i mbailte agus i sráidbhailte.
  - Déanamh ar shiúl le láithreáin/foirgnimh a bhfuil droch bhail orthu agus atá in aice le bealaí áilne agus bealaí turasóireachta i gceantair tuaithe.
  - Clár athinmheacháin a chur i bhfeidhm i gceantair tuaithe agus i gceantair atá sannta mar Limistéir Conláiste Ardscéimhe (EHSA), áit a ndearnadh cuid mhór damáiste radhairc agus éiceolaíoch mar thoradh ar ghníomhaíocht

daonna
- Feabhsúcháin ar an chóras iompar poiblí chun cur ar chumas daoine atá ag obair lasmuigh den Ghaeltacht fanacht ina gcónaí laistigh den Ghaeltacht. **(Féach Caibidil 3, Iompar agus Cumarsáid)**.
- Feabhsú agus forbairt ar an bhealach isteach go haerfort réigiúnach Charraig Fhinne mar mhodh príomha le bealach isteach go dtí an Ghaeltacht a fheabhsú go foriomlán (**Féach Caibidil 3, Iompar agus Cumarsáid)**.
- Forbairt a threorú ar mhodh níos inbhuanaithe. Go háirithe, múnlaí uirbeacha níos dlúithe a fhorbhairt chun go mbeidh ar a gcumas réimse seirbhísí a chothú a bhuíochas dóibh seo a leanas:
  - Pleanáil fhaichilleach ar úsáid talún.
  - Forbairt sa todhchaí a dhíriú ar láithreáin líontacha, láithreáin a bhfuil drochbhail orthu, láithreáin thréigthe agus cúltailte.
  - Forbairt ribíneach a shrianú.
- Freastal ar éileamh do thithe tuaithe tríd an Polasaí do Thithe Tuaithe, mar atá sonraithe sa Phlean seo, a chur i bhfeidhm, **(Féach Caibidil 5, Tithíocht)**.
- Úsáid a bhaint as polasaithe pleanála straitéiseacha i leith úsáid talún le cinntiú go bhfuil tithíochta ar phraghas réasúnta ar fáil chomh maith le soláthar de thitíochta shóisialta agus inacmhainne. **(Féach Polasaí UB2, Caibidil 5, Tithíocht).**
- Srianta a chur i bhfeidhm ar thógáil an iomarca tithe saoire in áit ar bith a gciallódh a leithéid d'fhorbairtí go mbeadh barraíocht daoine gan Gaeilge ag bogadh isteach sa cheantar.
- Oibriú i gcomhar le fostruchtúir an Bhoird Forbartha Contae chun cuidiú le cur i ngníomh na moltaí atá in *An Straitéis*, Plean Straitéise an Bhoird Forbartha Contae don tréimhse 2002-2012, ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch, shósialta agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn.

2.8 LÁRIONAID LE FEIDHMEANNA SPEISIALTA

Tá roinnt lárionad ar fud an Contae a bhfuil feidhmeanna ar leith ag baint leo, macasamhail: turasóireacht chósta, cultúr, agus sainseirbhísí. Ní amháin go bhfuil na feidhmeanna sin tábhachtach do na bailte iad féin agus dá ngarthimpeallacht, tá siad ríthábhachtach chomh maith d'fhorbairt an Chontae agus an réigiúin ina iomláine.

Maidir leis seo, aithníonn an Chomhairle go bhfuil tábhacht le Leifear mar lárionad an rialtais áitiúil agus do riarachán/sheachadadh na seirbhísí pobail. Aithnítear fosta go bhfuil ról tábhachtach ag na Dúnaibh, Ráth Maoláin agus Ros Neamhlach mar lárionaid do thurasaóireacht chósta. Aithnítear Gleann Cholm Cille mar lárionad fiorthábachtach oidhreachta agus cultúrtha agus Gort an Choirce mar lárionad cultúrtha chomh maith.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil tábhacht ar leith ag An Caisleán Nua, Bun an Phobail, Na Cealla Beaga agus Ailt an Chorráin mar lárionaid shainseirbhíse don earnáil mhara agus ag Gaoth Dobhair mar lárionad oideachais 3ú Leibhéil sa todhchaí. Ar deireadh, aithníonn an Chomhairle go mbeidh Gaoth Dobhair, Baile Dhún na nGall agus Bun Cranncha ag cur seirbhísí tábhachtacha pobail ar fáil sna blianta amach romhainn, mar pháirt de Chlár Dílárnaithe an Rialtais.

Ar an tséala sin, tá sé mar eochairsprioc sa Straitéis Spásúil seo cothú agus feabhsú a dhéanamh ar na feidhmeanna sin. Chun críche an chuspóra seo, beidh gá leis na bearta sonracha seo a leanas.

Cur i nGníomh
Is féidir an straitéis thuasluaite a chur i ngníomh a bhuí do na bearta seo a leanas:

- Ról Leifear mar lárionad an rialtais áitiúil agus do riarachán/sheachadadh na seirbhísí pobail a chosaint.
- Timpeallacht cósta agus acmhainn mara Ráth Maoláin, na nDúnaibh agus Ros Neamhlach a chosaint agus a fheabhsú agus an táirge turasóireachta sna lárionaid sin a fheabhsú.
- Margaíocht a dhéanamh ar Ghleann Cholm Cille mar ionad oidhreachta agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus ról Ghort an Choirce mar ionad cultúrtha a chur chun cinn.
- Ról an Chaisleáin Nua, Bhun an Phobail agus Ailt an Chorráin mar lárionaid iascaireachta, báid, próiseáil éisc agus seirbhísí coimhdeacha a chosaint/a fheabhsú.
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt ionaid Oideachais 3ú Leibhéil i gceantar Ghaoth Dobhair.
- Tacú le dílárnú seirbhísí rialtais go Gaoth Dobhair, Baile Dhún na nGall agus Bun Cranncha.
- Forbairt a threorú i modh níos inbhuanaithe, go háirithe trí mhúnlaí uirbeacha níos dlúithe a fhorbhairt chun go mbeidh ar a gcumas réimse seirbhísí a chothú a bhuíochas dóibh seo a leanas:
  - Pleanáil fhaichilleach ar úsáid talún.
  - Forbairt sa todhchaí a dhíriú ar láithreáin líontacha, láithreáin a bhfuil drochbhail orthu, láithreáin thréigthe agus cúltailte.
  - Forbairt ribíneach a shrianú.
  - An polasaí do thithe tuaithe a chur i bhfeidhm.
- Infreastruchtúr a uasghrádú (Séarachas, Soláthar Uisce, Leathanbhanda, Gréasán Bóithre, Leictreachas &rl), go dtí an caighdeán atá riachtanach do chosaint na timpeallachta agus do chumais fáis.
- Caighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh a fheabhsú agus ceantair i léig a athfhorasú.

2.9 DORCHLA LEITIR CEANAINN-DOIRE: STRAITÉIS d'FHORBAIRT NÓDACH THEORANTA

Réamhrá

Siocair gur aithníodh Leitir Ceanainn-Doire mar Gheatabhealach ceangail, cuirtear mórán deiseanna agus mórán dúshlán os ár gcomhair. De réir mar a bheas an dá ionad ag fás agus ag baint tairbhe as infheistíocht isteach sna blianta amach romhainn, tuigtear go mbeidh cuid mhór brúnna forbartha ar chomharsanacht an bhealaigh idir Leitir Ceanainn agus Doire. Má déantar an geatabhealach seo a bhainistiú i modh pleanáilte inbhuanaithe, beidh sé in inmhe na nascanna idir an dá lárionad a neartú, feidhm thábhachtach a chur ar fáil, cuidiú le tógáil dlús criticiúil, agus na buntáistí a chruthaíonn an Geatabhealach a scaipeadh amach tríd an cliarlathas uirbeach/tuaithe.

Ó dhearcadh réamhphleanála mar sin de, tá sé ríthábhachtach go n-ullmhódh an Chomhairle straitéis mionsonraithe, ag cur san áireamh láidriú uirbeach agus tacaíocht uirbeach/bainistíocht fáis, a dhéanfadh comhdhlúthú ar fhorbairt an gheatabhealaigh agus a bheadh déanta de réir Straitéis Spásuil níos leitheadaí mar atá aitheanta sa Phlean Forbartha seo.

Aidhmeanna
Forbairt an bhealaigh a threorú ar dhóigh a chuideoidh le fás an Gheatabhealaigh nasctha agus a scaipeas a bhuntáistí ar fud an Chontae tríd an ghrádlathas uirbeach/tuaithe.

Spriocanna ar leith
Fo-straitéisí na Straitéise Spásúla Contae a chur i ngníomh, i gcomhthéacs an Gheatabhealaigh, mar a leanas:

1. **Cur chun cinn an Gheatabhealaigh:** trí chur le dlús criticiúil an Gheatabhealaigh agus feidhmiúlacht thábhachtach a chur ar fáil.
2. **Struchtúr láidir uirbeach a chruthú ag an leibhéal fo-Gheatabhealaigh:** trí bhearta do láidriú uirbeach macasamhail feabhsúcháin a dhéanamh ar chaighdeán na timpeallachta faoi fhoirgnimh, iompar poiblí a fheabhsú, an t-infreastruchtúr fisiceach a sholáthar agus uasghrádú a dhéanamh ar thaitneamhachtaí cónaithe agus sóisialta, &rl.
3. **Bainistíocht Fáis a dhéanamh ar bhailte in aice leis an Gheatabhealach trí thacaíocht uirbeach:** pleanáil cheart ar úsáid talún, forbairt a dhíriú agus a chomhdhlúthú agus ar an dóigh sin, dlús criticiúil mionscála a thógáil.

Modheolaíocht
Rinneadh iniúchadh ar straitéisí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid, m.sh. Fás Dépholach, Fás Líneach Orgánach, Forbairt Ilnódach, agus Forbairt Nódach Theoranta, chun iad a mheas maidir lena gcumas i gcur i gcrích na haidhme agus na spriocanna atá sonraithe thuas. Léirigh an mheastóireacht seo gurb í straitéis d'Fhorbairt Nódach Theoranta an ceann ab fhóirsteanaí don gheatbhealach. Beidh an straitéis ag díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar roinnt bailte réamhsannta i ngar don gheatabhealach. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil bailte agus sráidbhailte eile, a chabhróidh le baint amach na n-aidhmeanna agus na spriocanna, níl san áireamh sa chuid seo ach na láithreáin sin atá ar chois an gheatabhealaigh. **Chomh maith leis sin**, **déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar úsáid thaillte atá i seilbh an Chomhairle ag *Big Isle*, Leitir Ceanainn, i gcomhthéacs gheatabhealach Leitir Ceanainn/Doire.**

De thairbhe cumais agus buanna gach ionad, meastar go gcabróidh forbairt na n-ionad éagsúil le cur i gcrích na spriocanna atá sonraithe thuas i ndóigheanna difriúla. Mar shampla, beidh cuid acu ag cuidiú le bainistíocht a dhéanamh ar fhás in aice láimhe leis an Gheatabhealach agus beidh cuid eile ag láidriú an struchtúr uirbeach ag an leibhéal fo-Gheatabhealach. In éineacht le chéile, beidh na hionaid go léir ag gníomhú ar mhaithe leis an Geatabhealach a chur chun cinn a bhuí do dhlús criticiúil a chruthú. Ar an ábhar sin, beidh éagsúlacht feidhme agus scála oibre ag gach ionad, mar atá sonraithe thíos. Mar sin de, aithníonn an straitéis na láidreachtaí atá ag na bailte éagsúla ar chois an Gheatabhealach, agus bainfear úsáid as na láidreachtaí sin mar pháirt den réiteach iomlán.

Láidriú Uirbeach
Is iad na hionaid seo a leanas a bheas ag déanamh láidriú uirbeach ag an leibhéal fo-Gheatabhealaigh, agus ar an dóigh sin cruthófar struchtúr láidir uirbeach trína bhfaighidh siad buntáistí an Gheatabhealaigh chomh maith le cuidiú le dlús an Gheatabhealaigh.

Bun Cranncha

Feidhmeanna:
Áit Chónaithe, Miondíol, Tráchtáil, Caitheamh Aimsire, Oideachas, Iompar Poiblí, agus Pobal/Creideamh.
Sonraí:
Is baile mór fuinniúil é Bun Cranncha atá i mbun feidhmeanna tábhachtacha ar a chonlán féin. Cé nach bhfuil sé suite ar mhór-ais Leitir Ceanainn – Doire, ciallaíonn a chóngaracht den dorchla agus a nascanna le hInis Eoghain, Leitir Ceanainn agus Doire faoi seach, go mbeidh ról tábhachtach aige i bhforbairt an Gheatabhealaigh. Cuideoidh láidriú Bhun Cranncha le struchtúr éifeachtach uirbeach a chruthú ag leibhéal fo-Gheatabhealach, rud a chuideoidh le dlús criticiúil an Gheatabhealaigh agus ag an am chéanna na feidhmeanna atá ag an bhaile faoi láthair a choinneáil agus a fhorbairt.

An Baile Nua

Feidhmeanna:
Áit chónaithe, Miondíol, Oideachas, Iompar, Caitheamh Aimsire, Tráchtáil agus Pobal/Creideamh.
Sonraí:
Féadtar a rá go bhfuil an Baile Nua lonnaithe leath bealaigh idir Leitir Ceanainn agus Doire. Ar an tséala sin, tá sé in áit mhaith le réimse feidhmeanna a ofráil i gcomhthéacs an gheatabhealaigh. Tá a shuíomh iontach fóirsteanach do sholáthar seirbhísí tráchtála agus miondíola do mhuintir Leitir Ceanainn agus do mhuintir Dhoire. Lena chois sin, de réir mar a fhásfaidh sé, cuirfidh sé ar fáil an dlús criticiúil atá riachtanach do inmharthanacht réimse de sheirbhísí miondíola agus tráchtála, áiseanna caitheamh aimsire agus taitneamhachtaí cónaithe bunaithe ar an mhúnla uirbeach atá ann cheana féin. Siocair go bhfuil leagan amach dlúth ar an bhaile, beidh sé níos fusa seachadadh a dhéanamh ar infreastruchtúr fisiceach, macasamhail bóithre, séarachas, uisce agus, sa todhchaí, gás nádúrtha.

Ceann an Droichid

Feidhmeanna:
Miondíol, Tráchtáil, Iompar
Sonraí:
Tá Ceann an Droichid iontach cóngarach do Dhoire agus dá bhrí sin tá ról tábachtach aige ó thaobh feidhmeanna miondíola agus tráchtála trasteorann. Cionn is go bhfuil lear mór de na gníomhaíochtaí sin ar siúl ar an bhaile, tá Ceann an Droichid anois ina lárionad shuntasach miondíola agus tráchtála. Agus dé réir mar atá Doire ag leathnú amach i dtreo na teorann, bheifí ag dréim go dtiocfadh síneadh dá réir ar a sprioc-cheantar tráchtála trasna na teorann isteach go Ceann an Droichid. Mar sin de, tá láidriú uirbeach de dhíth ar mhaithe leis na feidhmeanna sin a chothú, agus as sin fásfaidh baile mór fuinniúil a dhéanfas a chion féin do dhlús criticiúil an Gheatabhealaigh.

Bainistíocht Fáis na mBailte in aice an Gheatabhealaigh trí Thacaíocht Uirbeach

Beidh na hionaid seo a leanas ag déanamh Bainistíocht Fáis in aice láimhe leis an Gheatabhealach, rud a lagdóidh an gá le forbairt scoite tuaithe agus a chuirfeas le dlús criticiúil an Gheatabhealaigh. Beidh géarghá le tacaíocht uirbeach sna hionaid sin chun mbeidh siad in inmhe a bheith lánpháirteach sa stráitéis thuasluaite.

Mainéar Uí Chuinneagáin

Feidhmeanna
Áit Chónaithe, Miondíol, Tráchtáil, Caitheamh Aimsire.
Description
Tá Mainéar Uí Chuinneagáin an-chóngarach do Leitir Ceanainn, ar bhóthar an N13 i dtreo Dhoire, agus is dóchá go mbeidh brú ar fhorbairt sa bhaile sna blianta amach romhainn. Siocair suíomh fisiceach an bhaile, atá measartha beag, agus a chóngaracht do Leitir Ceanann, b'fhearr a d'fhóirfeadh straitéis na bainistíochta fáis don bhaile, rud a chuideodh le forbairt ordúil an gheatabhealaigh. Dá bhrí sin, beidh tacaíocht uirbeach de dhíth chun go mbeidh Mainéar Uí Chuinneagáin ábalta a leithéid de ról a chur i gcrích go rathúil.

Bun na hAbhann

Feidhmeanna:
Áit Chónaithe, Miondíol, Tráchtáil, Caitheamh Aimsire.
Sonraí:
Suite in aice le Doire, is cinnte go mbeidh brúnna forbartha i mBun na hAbhann sna blianta atá le theacht. Siocair a mhéid beag agus a chóngaracht de Dhoire, is bainistíocht fáis ar chois an Gheatabnhealaigh is fearr a fhóirfeas do Bhun na hAbhann. Beidh tacaíocht uirbeach de dhíth chun an ról seo a chur i gcrích.

Fathain

Feidhmeanna:
Áit Chónaithe, Caitheamh Aimsire/Turasóireacht.
Sonraí:
Tá ról tábhachtach ag Fathain i dtaca le bádóireacht scíthe agus de thairbhe go ndearnadh forbairt ar mhuiríne ar na mallaibh, éireoidh an fheidhm seo níos treise san am atá le theacht. Chomh maith leis sin, rinneadh cuid mhór forbartha ar thithe cónaithe le blianta beaga anuas. Ach go fóill, níl aon lárionad aitheanta ná seirbhísí miondíola atá oiriúnach dá mhéid ar fáil sa tsráidbhaile seo. Ar an tséala sin, is straitéis i gcóir tacaíocht uirbeach, bainistíocht fáis agus forbairt ar a ról caitheamh aimsire is fearr a fhóirfeas don tsráidbhaile agus do chur i gcrích spriocanna aitheanta don gheatabhealach.

An Beart

Feidhmeanna:
Oidhreacht/Turasóireacht, Pobal/Creideamh.
Sonraí
Tá feidhm thábhachtach áitiúil ag Beart ó thaobh cúrsaí pobail/creidimh mar gheall ar shéipéal Naomh Aonghus agus feidhm thábhachtach náisiúnta i ndáil le hoidhreacht/turasóireacht mar gheall ar Grianán Aileach. Tá sé follasach gurb é seo an chéad stad do thurasóirí ag teacht trasna na teorann isteach sa Chontae. Fuarthas amach ó fhorbairt tithe sa cheantar le déanaí go bhfuil sé riachtanach fás sa cheantar a bhainistiú ar dhóigh atá báúil do shuíomh na n-acmhainní tábhachtacha seo agus a thabharfas cosaint dóibh. Chuige sin, is straitéis a choinneoidh srian ar fhás agus a chosnóidh na sócmhainní seo an cineál is fóirsteanaí i gcomhthéacs an tsráidbhaile agus i mbainistiú fáis ar chois an gheatabhealaigh.

Cur i nGníomh

Má tá an geatabhealach le teacht chun foirfeachta sa mhodh atá leagtha amach thuas, agus má táthar leis na haidhmeanna agus spriocanna atá beartaithe a chur i bhfeidhm, tá sé fíor-riachtanach go gcuirfí clár oibriúcháin mionsonraithe le chéile. Thaire sin, beidh cur chuige ilrannógach ina mbeidh comhoibriú dlúth idir ghníomhaireachtaí éagsúla de dhíth chun an clár seo a chur i ngníomh. Mar sin féin, is féidir cur síos a dhéanamh ar chuid de na bearta a bheas riachtanach chun dul chun cinn maith a dhéanamh, ina measc, iad seo a leanas:

- Pacáiste de thionscadail shóisialta agus pobail a chuideoidh le hathfhorasú agus cothabhála na bpobal i ndeas don gheatabhealach.
- Measúnacht mionsonraithe d'fhás réamh-mheasta an dorchla i gcóimheas na riachtanas uisce agus bonneagair comhshaoil don todhchaí chomh maith le soláthar maoiniúcháin le tabhairt faoi na n-éilimh sin.
- Uasghrádú a dhéanamh ar an infreastruchtúr bóthair cóngarach don gheatabhealach ó thaobh cumais iompair agus sábháilteachta bóthair araon. D'fhéadfadh feabhsúcháin ar acomhail bhóthair friothálacha a bheith i gceist anseo, chomh maith le débhealaí a dhéanamh de pháirteanna áirithe den bhóthar, **(Féach Caibidil 3, Iompar agus Cumarsáid).**
- Infheistíocht i ngréasán iompair iontaofa éifeachtach ag nascadh leis an gheatabhealach.
- Nasc leathanbhanda oiriúnach a chur i gcrích idir an dá lárionad a mbeidh ar a chumas freastal ar na nóid in aice leis an gheatabhealach. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach ó thaobh iomaíocht a bhisiú agus infheistíocht a mhealladh isteach.
- An gréasán de ghás nádúrtha a leathnú amach ar fud ais an gheatabhealaigh. Chabhródh soláthar de phíblíne gáis, in éineacht leis an fhorbairt ar nóid dlútha teoranta uirbeacha, le seachadadh a bheadh éifeachtach ó thaobh costais, a dhéanamh ar an fhoinse fuinnimh thábhachtach iomaíoch seo.
- Beidh géarghá le frámaíocht oiriúnach pleanála d'fhorbairt an Gheatabhealaigh. Beidh sé seo bunaithe ar chomhoibriú idir Comhairle Dhún na nGall, An tÚdarás Pleanála Réigiúnach, Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann agus Comhairle Chathair Dhoire. Féadfar úsáid a bhaint as sásanna pleanála fadcheannacha macasamhail Criosanna d'Forbairtí Straitéiseacha, Pleananna Ceantair Comhtháite agus Pleananna Ceantair Áitiúil. Mar pháirt den Phlean Forbartha, caithfear srian a choinneáil ar thógáil an iomarca tithe tuaithe ag taobh an Gheatabhealaigh. Tá a leithéid de shásanna pleanála riachtanach chun críocha iad seo a leanas:
  - Dlús criticiúil a chruthú agus forbairt ar sheirbhísí inmharthana ag na nóid aitheanta a chur san áireamh.
  - An feidhmeachas atá ar fáil i nóid ar leith a chosaint. (m.sh. Caitheamh aimsire i bhFathain agus Oidhreacht i mBeart)
  - Cáilíocht na timpeallachta faoi fhoirgnimh a fheabhsú, agus ar an dóigh sin, tarraingteacht na nód mar áiteanna cónaithe agus oibre a fheabhsú fosta.
  - Forbairt laistigh de na nóid a threorú i modh ordúil ar mhaithe le múnlaí uirbeacha dlútha a chruthú.
- Margaíocht chnuasaitheach a dhéanamh ar láithreáin i ndeas don gheatabhealach (chomh maith le láithreáin i nDoire agus Leitir Ceanainn) mar áiteanna lonnaithe do ghnónna úrnua.
- Tacaíocht leanúnach macasamhail traenáil, cabhair airgeadais agus soláthar d'aonaid gnó ar chostas íseal a chur ar fáil do ghnónna nua atá á mbunú, **(Féach Caibidil 4, Straitéisí do Chruthú Fostaíochta agus Forbairt Fiontar)**.

- Cumas nuálaíoch gnó a fhorbairt trí inniúlacht na n-institiúidí oideachais a fheabhsú, oiliúint a chur in oiriúint do riachtanais ghnó, agus comhoibriú trasteorann ó thaobh soláthar oideachais a fheabhsú.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le fostruchtúir an Bhoird Forbartha Contae chun cabhrú le cur i ngníomh na moltaí atá in *An Straitéis*, Plean Straitéiseach an Bhoird Forbartha Contae don trémhse 2002-2012, le tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Chontae.



Eochair eolais:

- N15/N13 Bealach Iompar Straitéiseach 'Dhorchla an Atlantaigh'
- N15/N13 Bealach Iompair Straitéiseach 'Stua an Atlantaigh'
- Nascanna Straitéiseacha Eile
- Nascanna Straitéiseacha Seachtracha


Dorchla Leitir Ceanainn-Dhoire
Forbairt Theoranta Nóid
Bun Crannchа
Fathain
Bun na hAbhann
Ceann an Droichid
Magh
Ráth Mealtáin
Cill Mhic Réanáin
An Beart
Doire
Cill Fhéich
An Baile Nua
Mainéar Uí Chuinneagain
Leitir Ceanainn
Eochair eolais:
Geata
Nóid Láidrithe Uirbeacha
Nóid Tacaíochta Uirbeacha
Nóid eile lasmuigh den dorchla
Mórdhorchla iompair